

Cóicín agus drugaí eile.

Bíonn rócháileoga cóicín neamh-intuartha. Bíonn níos mó riosca ann má úsáidtear cóicín le drugaí eile, go háirithe alcól. Comhcheanglaíonn cóicín agus alcól sa chorp le druga eile a fhoirmiú – cóiceitilín – atá níos tocsainí ná ceachtar den dá dhrua ina aonar.

Maidir le naonúr as gach deichniúr a thuairiscigh gurb é an cóicín an príomhdhrua a úsáideann siad, d'úsáid siad drugaí eile, alcól, cannabas agus eacstais go háirithe.

Bíonn an cóicín níos lú ná 25% íon. Ní féidir idirdhealú a dhéanamh trí amharc air. Ar na ceimiceáin andúille is coitianta atá sa chóicín tá:

- **Ligneacaon** – ainéistéiseach logánta a dhéanann na drandail a ainéistéisiú díreach mar a dhéanann an cóicín agus lígeann sé duit smaoinreamh go bhfuil sé níos íne ná mar atá. Bíonn iarmhairt ag an druga seo ar an chroí fosta.
- **Feanaicéatóin** – pianmhúchán nach bhfuil ar fáil d'úsáid daoine níos mó toisc go mbíonn dochar duáin mar iarmhairt air.
- **Caiféin**
- **Mannatól** – substaint shiúcra bhunaithe.



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Le níos mó eolais a fháil ar dhruaí agus ar sheirbhísí drugaí gabh i dteagmháil le

HSE infoline **1850 24 1850**

www.drugs.ie

Text 'drugs' to **51900**



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

**IS É DO BHEATHA É
NÁ BÍ Á SCRÍOSADH**

www.drugs.ie

Is féidir an bhileog seo a ordú ó do rannóg áitiúil um chothú na sláinte nó ó www.healthinfo.ie

HPM00495 (Irish)

Cóicín Na Fíricí

Déantar cóicín de dhuilleoga an phlanda coca, a bhíonn ag fás i Meiriceá Theas den chuid is mó. Bíonn dhá fhoirm den druga le fáil in Éirinn – púdar cóicín agus cnagcóicín.

Baintear úsáid as púdar cóicín trína ion-análú aníos tríd an tsrón de ghnáth. Instealltar é agus itear é uaireanta fosta.

Is foirm í an cnagcóicín, ar a dtugtar 'rock', 'stone' nó 'free-base' i mBéarla fosta, ar mó an andúil a bhaineann leis agus caitear é de ghnáth.

Iarmhairtí

Is spreagthach cumhachtach é an cóicín. Mothaíonn tú níos airdealláí agus níos bríomhaire mar gheall air agus bíonn níos lú ocráis agus tarta ort. D'fhéadfaí go mbeadh tinneas cinn, pian cliabhraigh, pian goile, masmas nó breoiteacht, creathanna, greannaitheacht, paranóia agus siabhránacht mar iarmhairt ar úsáid an chóicín.

D'fhéadfaí go mairfeadh iarmhairtí a fhad le 20 nóiméad in aghaidh gach úsáide. Nuair a bhíonn an druga ídithe mothaíonn tú in ísle brí, mothaíonn tú traochta, dianghreannaitheach agus míshuaimhneach.

Mar gheall ar a iarmhairtí cumhachtacha, bíonn andúil agat i gceann eile, agus de réir mar a théann an corp i dtairtí ar an druga, bíonn níos mó den druga de dhíth le bheith 'ar na ribí'. D'fhéadfaí go mbeadh 'cliseadh' nó 'crash' má éiríonn duine as trom-úsáid fadtéarmach an chóicín. Ar na hiarimhairtí, tá tuirse, dúlagar, míshuaimhneas, masmas, hipirghníomhaíocht, easuan agus cailliúint meáchain.

Trí chóicín a úsáid, bíonn d'fholláine coirp agus do shliáinte intinne i mbaol.

- D'fhéadfaí go mbeadh pian cliabhraigh, brú méadaithe fola, taom croí, fadhbanna riospráide (anáilaithe), strócanna, taomanna, cliseadh duánach mar iarmhairt ar an chóicín.
- Má ion-anáilítear an cóicín déantar dochar do na scannáin atá ar an taobh istigh den tsrón.
- Má chaitear an cnagcóicín d'fhéadfaí go mbeadh fadhbanna anáilaithe agus teip gutha mar thoradh air.
- Má instealltar an cóicín d'fhéadfaí go mbeadh easpaí nó ionfhabhtuithe amhail Heipitíteas C agus VEID mar thoradh air i gcás go roinntear an trealamh.

- Bíonn imní agus taomanna scaoil coiteann. D'fhéadfaí go dtarlódh na taomanna seo i ndiaidh don úsáideoir éirí as an chóicín.

- D'fhéadfaí go mbeadh iompar ionsaitheach agus foréigean neamhréasúnach mar thoradh ar iompar mearbhlach, ar shuaitheadh, ar ghreannaitheacht agus ar pharanóia.

- D'fhéadfaí go mbeadh imní mar thoradh ar smaointeoireacht pharanóideach, rud a d'fhéadfaí éirí ina thinneas sícósíseach.

- D'fhéadfaí go mbeadh maiteacht agat nó 'grandiosity' mar a thugtar air sa Bhéarla – is é sin bíonn tuairim áibhéalta agat ar do thábhacht agus do chumais féin, a éiríonn fíor-shiabhránach in amanna. B'fhéidir go rachaidh tú sa seans mar thoradh air seo, go háirithe maidir le tiomáint, rud is cúis le timpistí.

Ag úsáid cóicín – Bíonn tú i mbaol na handúile!

San iomlán bíonn duine as gach seachtar a bhaineann triail as an chóicín spleách air. Bíonn timpeall ar dhuine as gach 20 spleách air taobh istigh de bhliain amháin úsáide. Léiríonn taighde go bhfuil sé trí nó ceithre huairte níos dóchúlú go mbeidh mná spleách ar an chóicín sa chéad bhliain úsáide i gcomparáid le fir.

Seo iad na cúiseanna ar éirigh daoine as úsáid cóicín.*

- **42%** - ní raibh an t-airgead acu chun díol as;
- **32%** - bhí imní shláinte orthu; agus
- **32%** - bhí tionchar ag a dteaghlai agus a gcairde orthu.

* Figiúirí ó 'Foiléargas ar Úsáid an Chóicín in Éirinn: II – An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Dhrugaí, 2007.'